



## Réamhrá Ón Uachtarán

Is cúis áthais agus bróid domh an leabhrán seo a leainseáil le linn mo Uachtaránachta agus tréaslaím leis an Choiste Gaeilge as ucht an leabhráin a chur le chéile. Tá súil agam go n-úsáidfeair é go minic agus go mbeidh an Ghaeilge le cloisteáil go rialta ag cruinnuithe, ag ócáidí móra agus beaga!) de chuid CLG agus ag na cluichí. Is dóiche go dhioctfadh linn go léir feabhas a chur ar an teanga a úsáidimid ag na cluichí in aon chor!

From my travels as Uachtarán, I meet many people who wish to improve their Irish, but haven't the time to attend the many classes and courses required to give them fluency. This book should be an invaluable resource to all of you who wish to use the language in your GAA business and I hope it will be of use to you at meetings, in writing letters and in giving Irish the place it deserves in our association.

I am also happy that this is the last function I will perform as Uachtarán and wish all Gaeilgeoirí well in their attempts to promote our beautiful native language throughout Cumann Lúthchleas Gael

Go gcúmhdáí Dia Sibh i gCónaí,

**Seán Ó Ceallaigh,  
Uachtarán,  
Cumann Lúthchleas Gael**



## Réamhrá/Intreoir – Introduction

The Gaelic Athletic Association is a national organization which has as its aim the promotion of the national identity on the island of Ireland through the conservation of Irish games and pastimes. The Association's aims include support also for the promotion of the Irish language, Irish dancing, Irish music and songs, and other aspects of Irish culture.

Through its clubs, the Association seeks to sustain Irish people's awareness of and love for their national heritage and to help foster a community spirit.

Sport provides a wonderful opportunity for personal development. The use of the Irish language in sport can be used also as a means of personal development as has been proven in many areas over the years.

The GAA's Millennium Plan for the Irish Language encourages the acquisition and use of Irish as opposed to knowledge of the language alone. The aim is that increased Irish language usage among members of the GAA who speak the language will result in an increased usage among its supporters.

This booklet aims to equip GAA supporters, players and committee members with the vocabulary and phrases which are used commonly around the club, at matches, at important club and county events and in the signage in GAA premises.

It is hoped that, if GAA members learn a few phrases from this booklet each day, that their confidence and desire to use the language will increase. When saying the phrases to yourself, please ensure to emphasise the part of the phrase that is in **bold** print.

Tá súil againn go mbainfidh tú leas agus taitneamh as an leabhrán seo.

**Iarlaith Ó Broin**  
**Seán Ó Coinn**



## Clár – Contents

### **An Ghaeilge ag Imeachtaí/an Imeacht sa Chlub – Irish at the Club Event 5**

Téarmaí Trófaithe - Trophy Terms ..... 5

Cúpla Focal - Saying a few Words ..... 5

### **An Ghaeilge ag Scór – Irish at Scór ..... 7**

Na Ranna - The Events ..... 7

Fear/Bean a Tí - The Master/Mistress of Ceremonies ..... 7

Tráth na gCeisteanna - Question Time ..... 8

### **An Ghaeilge ar an Bhileog Foirne – Irish on the Teamsheet ..... 10**

Laethanta na Seachtaine - Days of the Week ..... 10

Míonna na Bliana - Months of the Year ..... 10

Foclóir - Vocabulary ..... 10

### **An Ghaeilge ar an bPháirc/Pháirc/ag an Seisiún Traenála –**

#### **Irish on the Field/At the coaching Session ..... 11**

Na hOifigigh - The Match Officials ..... 11

Na Foirne - The Teams ..... 11

An Cluiche - The Game ..... 11

Roimh an gCluiche/Chluiche - Before the Game ..... 12

Le linn an Chluiche - During the Game ..... 12

I ndiaidh an Chluiche - After the Game ..... 14

Téarmaí Spóirt - Sporting Terms ..... 14

### **An Ghaeilge ag an gCruinniú/Chruinniú – Irish at the Meeting ..... 15**

An Coiste - The Committee ..... 15

Baill an Choiste/Na Coisteoirí - The Committee Members ..... 15

Clár an Chruinnithe - The Agenda ..... 16

Ag Plé le Tuirisc an Réiteora - Dealing with The Referee's Report ..... 16

Ag Plé le hIarratas Aistrithe - Dealing with a Transfer Request ..... 16

Ag Déanamh Luaiteachas - Making Fixtures ..... 17

Gnáththeanga an Chruinnithe - General Language of the Meeting ..... 17

Ag Cur Deiridh leis an gCruinniú/Chruinniú - Ending the Meeting ..... 18



<b>An Ghaeilge sa Chlub – Irish around the Club</b> .....	<b>19</b>
Comharthaí - Signs .....	19
<b>An Ghaeilge i bhFógraí an Chluiche – Irish in the Match</b>	
<b>Announcements</b> .....	<b>20</b>
Fógraí - Announcements .....	20
Foclóir - Vocabulary .....	20
Le Linn an Chluiche - During the Match .....	21
<b>An Ghaeilge i/san Fhógra Báis – Irish in a Death Notice</b> .....	<b>22</b>
Fógra - Notice .....	22
Example of a Death Notice for the father of a player .....	22
<b>An Ghaeilge sa Litir – Irish in the Letter</b> .....	<b>23</b>
An Tús - Starting Off .....	23
Na Chéad Línte - First Lines .....	23
Ag Cur Críche - Finishing Off .....	24
Fógra Cruinnithe - Giving Notice of a Meeting .....	24



## An Ghaeilge ag Imeachtaí/an Imeacht sa Chlub – Irish at the Club Event

Sometimes you might be asked to speak at your dinner dance, or if you are a county-board official, you will be invited to speak at many functions during the year. Here are some useful phrases to help you if you wish to use a *cúpla focal*.

### Téarmaí Trófaithe – Trophy Terms

Bonn – (*bun*) Medal

Corn – (*corn*) Cup

Faoi dheich – (*fwee jie*) Under 10

Faoi dhó dhéag – (*fwee gaw yaig*) Under 12

Faoi cheathair déag – (*fwee kaher jaig*) Under 14

Faoi shé déag – (*fwee hay jaig*) Under 16

Mionúir – (*minnur*) Minors

Sóisir/Sóisearaigh – (*soshirree*) Juniors

Sinsir/Sinsearaigh – (*shinshirree*) Seniors

Imreoirí faoi aois – (*imroree fwee eesh*) Underage players

Imroir na bliana – (*imrorr na blaineh*) Player of the year

An t-imreoir is mó feabhais – (*eh chimror iss mow feowss*) Most improved player

Pearsa cumainn na Bliana – (*parseh coming na blaineh*) Clubperson of the Year

### Cúpla Focal – Saying a few Words

A Chathaoirligh – (*eh kaheerlee*) Mr. Chairman

A Aíonna Speisialta – (*eh eena speshee-alteh*) Special Guests

A Athair Urramaigh – (*a ahar urramee*) Reverend Father

A Dhaoine Uaisle – (*a geeenee ooshleh*) Dear People

Thar ceann an Choiste – (*har kyun eh koshteh*) On behalf of the Committee

Ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh go léir chuig an ócáid speisialta seo – (*ba wy lum fwaalch eh a kur rowve gawh lair higg on oakadge speshee-alteh shawh*) I would like to welcome you all to this special occasion

Tréaslaím libh/daoibh – (*chracelee-um deev*) I congratulate you

Gabhaim buíochas libh – (*go-um bweehas live*) I thank you (as an chuireadh – (*iss eh kurroo*) for the invitation)



Gabhaim buíochas libh as ucht cuireadh a thabhairt dom bheith anseo anocht (I thank you for the invitation to be here tonight)/as an cuireadh teacht anseo anocht – (**go-um bwee** has **live** ass eh **kuroo chockt anshawh in ocktt**) I thank you for the invitation to come here tonight

Tréaslaím libh an obair a dhéanann sibh – (**chrace** lee-um **deev in ubar a yaanann shiv**) I congratulate you for the work you do

...ar son Chumann Lúthchleas Gael – (*air son* **com in looh-class gale**) on behalf of /for the GAA

...ar son an Choiste – (*air son eh* **koshteh**) on behalf of the committee

Tá súil agam go mbeidh oíche bhreá agaibh anocht agus go mbeidh bliain mhaith romhaibh an bhliain seo chugainn – (*tah* **sool ugum gaw may-ee ee-heh vrey ugv in ockt agus blee-in wyh rove in vlee-in shoog-eeen**) I hope you have a great night tonight and a good year next year



## An Ghaeilge ag Scór – Irish at Scór

### Na hImeachtaí/Na Ranna – The Events

An Rince Foirne – (in **rinkeh four-nyeh**) Céilí Dancing  
 An Aithriseoireacht – (on **aahrishawr awckt**) The Recitation  
 An Amhránaíocht Aonair – (in **awraanee-awkt eenur**) The Solo Singing  
 An Ceol Uirlise – (eh **kyawl urlisheh**) – Instrumental Music  
 An Bailéadghrúpa – (eh **balaid groupa**) The Ballad Group  
 An Nuachleas – (in **noowa-class**) The Novelty Act  
 Tráth na gCeisteanna – (traneh **gesht-chinneh**) The Quiz  
 An Rince Seit – (eh **rinkeh shetch**) Set Dancing

### Fear/Bean a Tí – The Master/Mistress of Ceremonies

Seo an chéad bhabhta – (shaw heh **kayd wowteh**) This is the first round  
 Seo an dara babhta – (shaw eh **dara wowteh**) This is the second round  
 Seo babhta ceannais an chontae – (shaw **bow-teh kyannish eh conday**) This is the county final  
 Seo an babhta leathcheannais – (shaw eh **bow-teh lah-kyannish**) This is the semi-final  
 Seo an babhta cúige – (shaw eh **bow-teh coo-gyeh**) This is the provincial final  
 Na hiomaitheoirí – (neh **hummihorrey**) The competitors  
 Na moltóirí – (neh **multorrey**) The adjudicators  
 An lucht éisteachta – (eh **luckt aysh-chuckteh**) The audience  
 Agus anois, a dhaoine uaisle; an chéad iomaitheoir eile – (**agis inish a geeney oo-ashla; in kayd ummahorr elleh**) And now, ladies and gentlemen; the next competitor  
 Is as Contae Ard Mhacha é/í/iad – (lss ass **kunday ard waheh aylee/eeeyid**) He/she/they come from County Armagh  
 Agus canfaidh/casfaidh ceolfaidh sé/sí/siad – (**agis kyawlhe shay/sheel/sheeyid**) And he/she/they will sing  
 Agus seinnfidh/buailfidh sé/sí/siad – (**agis boodalhe shay/sheel/sheeyid**) And he/she/they will play  
 Tugaigí bualadh bos do na hiomaitheoirí ar fad – (**tug igyee bootaloo boss dun eh hummahorrey air fad**) Give a round of applause to all the competitors  
 Agus anois, beidh sos gairid againn – (**agis inish bayee sos guridge uging**) And now we'll have a short break  
 Fáilte ar ais, a dhaoine uaisle, agus anois, rachaimid ar aghaidh leis an gcuid/chuid eile den chlár – (**fwaalcha irash eh geeney oo-ashla agus inish rahamwidge air ay-ee lesh in cudge ella den clarr**) Welcome back, ladies and gentlemen, and now we'll continue with the rest of the clár.



### Tráth na gCeisteanna - Question Time

In every Scór Quiz, there is a *Ceist as/na Gaeilge*. This question is usually a GAA question. Here are some expressions you might hear:

Cén contae ina/a bhfuil \_\_\_\_ ina bhainisteoir acu? – (ken **cunday** eh will \_\_\_\_ ina **wanishtchorr** **acu**) Which county has \_\_\_\_ as its manager?

Cén dath atá ar gheansaí fhoireann \_\_\_\_? – (ken **dah ata** air **yanicie** **urinn** \_\_\_\_)  
What colour is the \_\_\_\_ jersey?

Cé bhuaigh/a bhain ... – (kay **win**) Who won...?

- Cluiche Ceannais na hÉireann – (**cleeh** **kyanish** na **hair-un**) the All Ireland Final
- Cluiche Ceannais Uladh/Laighin/Connacht/Mumhan – (**cleeh** **kyanish** **uloo/lie-yin/connockt/moo-in**) Ulster/Leinster/Connacht/Munster final
- Cluiche Ceannais Chontae ... – (**cleeh** **kyanish** **cunday**) the ... county final

Sa Bhliain – (**seh** **vlee-in**) in the year

- (Míle) naoi déag – (**meeleh** **nee** **jaig**) 19...
- Dhá mhíle – (**gaa** **veeleh**) 20...

After you hear *naoi déag*, or *míle naoi gcéad*, you'll hear the actual year, e.g.

Seasca a trí – (**shaska** **chree**) sixty three

Sé déag – (**shay** **jaig**) sixteen

Ochtó a dó – (**ocktaw** **a daw**) eighty two

Urraíocht – (**urree-ockt**) Sponsorship

Urraitheoirí – (**urrahorr-ee**) Sponsors

Cé hiad urraitheoirí fhoireann an Dúin? – (kay **hayd** **urrahorr-ee** **urrunn** in **doon**) Who are the sponsors of the Down team?

Curaidh – (**curry**) Champions

Curaidh na hÉireann – (**curry** na **hayr-un**) All Ireland Champions

Cén t-ainm/Cad é an t-ainm atá ar ...? – (**cidgay** an **tenyim** **ata** air) What is the name of ...?

Cén t-ainm/Cad é an t-ainm atá ar an gcontae/chontae is mó i gCúige \_\_\_\_? – (**cidgay** an **tenyim** **ata** air eh **cunday** iss **mow** eh **gooigyeh** \_\_\_\_)  
What is the name of the





biggest county in the Province of \_\_\_\_\_?

Cén t-ainm/Cad é an t-ainm atá ar an gcontae/chontae is lú i gCúige \_\_\_\_\_? – (*cidgay an tenyim ata air eh cunday iss loo eh gooigye* \_\_\_\_\_) What is the name of the smallest county in the Province of \_\_\_\_\_

Cén contae ina bhfuil Páirc Mhic Easmainn? – (*kane cunday ina willh pwaark vic assmwing*) In which county is Casement Park?



## An Ghaeilge ar an mBileog/Bhileog Foirne – Irish on the Teamsheet

The job of filling in the teamsheet usually falls to the club secretary. Below is all the relevant information required to fill in the teamsheet *as Gaeilge*.

Firstly, you'll have to fill in the date.

### Laethanta na Seachtaine – Days of the Week

An Luan – (*eh loo-an*) Monday; An Mháirt – (*eh warch*) Tuesday; An Chéadaoin – (*eh kaydeen*) Wednesday; An Déardaoin – (*eh jerdeen*) Thursday; An Aoine – (*in eenyah*) Friday; An Satharn – (*eh sahurn*) Saturday; An Domhnach – (*eh do nah*).

### Míonna na Bliana – Months of the Year

Eanáir – (*anirh*), Feabhra – (*fowra*), Márta – (*mwaarteh*), Aibreán – (*ibrin*), Bealtaine – (*baaltinyeh*), Meitheamh – (*meh-hew*), Iúil – (*ool*), Lúnasa – (*looniseh*), Meán Fómhair – (*maan foe-war*), Deireadh Fómhair – (*jeroo foe-war*), Samhain – (*Sow -in*), Nollaig – (*Noll-lick*).

When writing the date, you just put a *ú* beside the number  
So Sunday 23<sup>rd</sup> July is *An Domhnach 23ú Iúil*

### Foclóir – Vocabulary

Comórtas – (*come-urtis*) Competition  
Sraithchomórtas – (*sryh come-urtis*) League  
Craobhchomórtas – (*creeve come-urtis*) Championship

Cluiche ceannais – (*cleeh eh kyanish*) Final  
Cluiche leathcheannais – (*cleeh eh lah kyanish*) Semi-final  
Cluiche ceathrúcheannais – (*cleeh eh kyahroo kyanish*) Quarter final

It is important to make a real effort to write the players' names in Irish. There are many books containing Irish surnames, but the one most used is *An Sloinnteoir Gaeilge agus an tAinmneoir* by Muiris Ó Droighneáin. This is available or can be ordered from most bookshops. If there are non-nationals on your team, it is better to leave their entire names in their own language.



## An Ghaeilge ar an bPáirc/Pháirc/ag an Seisiún Traenála – Irish on the Field/at the Coaching Session

Nowhere, do we hear a more colourful use of language than at the gaelic match.  
Below are some phrases which should add even more colour to the occasion.

### Na Maoir/Na hOifigh – The Match Officials

An réiteoir – (eh **ray**chorrh) The referee  
An fear líne – (eh farr **leeneh**) The linesman  
Na maoir chúil – (neh **mwee** ir) The umpires  
An maor líne – (eh **mwee leeneh**) The sideline official

### Na Foirne – The Teams

Tosaí – (**tossy**) Forward  
Cúlfaí – (**cooley**) Back  
Cosantóir – (**kawssintorr**) Defender  
Cúl báire – (cool **bwaareh**) Goalkeeper  
Bainisteoir – (**bwannish chor**) Manager  
An fhoireann eile – (in **urrrin elleh**) The opposition  
An fhoireann bhaile – (in **urrrin walah**) The home team  
Na cuairteoirí – (neh **koor chorree**) The visitors  
An lucht tacaíochta – (eh locked **tack-ee-okta**) The supporters

### An Cluiche – The Game

An chéad leath – (eh **kayde lah**) The first half  
An dara leath – (eh **dareh lah**) The second half  
Tús/deireadh na chéad leithe – (**toos/jeroo na kayde lie-heh**) Beginning/end of the first half  
Gaoth láidir – (gee **laajirh**) A strong wind  
Cluiche dúshlán/cairdiúil – (**cleehéh carjool**) A challenge match  
Cluiche sraithe – (**cleehéh sryheh**) A league match  
Cluiche craoibhe – (**cleehéh creeveh**) A championship match  
Comhscór – (coe **scawr**) A level match/draw  
Athimirt – (ah-**im-irch**) A replay



### Roimh an gCluiche/Chluiche – Before the Game

Tá spiorad/croí iontach agaibh. /Tá meon ar dóigh ionaibh, (*teh meown air doe-wee iniv*) You have a great spirit!

Is féidir an lá a thabhairt linn. /Thig linn seo a thabhairt linn, (*hig ling shawh a hoarch ling*) We can win this!

Buafaimid é seo/Bainfimid seo, (*bwinhimwidge shawh*) We're going to win this!

Rinneamar an beart cheana/Rinne muid roimhe é, (*ring mwidge riveh ay*) – We did it before!

Ná buairigí bhur gceann leo, (*neh boorig-gee wur gyon law*) Don't annoy your heads with them!

Ar ór na cruinne ná ... – (*air ore na kringyeh na*) For the love of God (goodness sake) don't ...!

Bígí faichilleach – (*beegee fyhil-yak*) Be on your guard!

Coinnígí súil ghéar ar mo dhuine/bhean – (*kingyigy sool yair ar moh gunya/vanh*) Keep a close eye on so and so!

Amach linn – (*amah ling*) Away we go!

Maith sibh, a fheara / chailíní, (*my shiv a colleenee*) Come on, men/girls!

### Le linn an Chluiche – During the Game

Tá siad againn – (*teh shid ageeng*) We have them!

Tá sí agam – (*teh she ugim*) I have it (the ball)!

Sin an bealach – (*shin ehbalah*) That's the way!

Igeartha go maith – (*imurha goh myh*) Well played!

Maith thú, a Ainm – (*my whooh eh \_\_\_\_*) Well Done, Name!

Maith thú féin – (*my whoo hain*) Good man/girl yourself!

Bullaí fir / mná – (*bully firh / mraa*) Good man/woman!

Coinnigh ag dul – (*kingyee ehgoll*) Keep going!

Pasáil an liathróid – (*pwassal ehlayridge*) Pass the ball!

Cuir anall í – (*kur nal ee*) Pass it across to me!

Cuir anonn í – (*kur anon ee*) Send it across! (to someone)

Fág agam í – (*fwaag ugim ee*) Leave it to me!

Fág aige/aici í – (*fwaag eggeh/ekee ee*) Leave it to him/her!

Na lig dó/di dul tharat/Ná lig thart leat é/í – (*nah lig heart lat ay/ee*) Don't let him/her by (past) you!

Fan leis/léi – (*fan lesh/layhee*) Stay/stick with him/her!

Tá sé/sí agat – (*teh shay/shee ugat*) You have him/her!

Is leatsa/leat í – (*iss lat ee*) It's yours!



Is liomsa í – (*iss lumsa ee*) It's mine!  
 Is linne an imirt – (*iss lingya a nyimirch*) It's our ball!  
 Blocáil é/í – (**blockal ee**) Block it!  
 Fan siar/thiar – (*fan here*) Stay back!  
 Fan san áit ina/a bhfuil tú – (*fan san aatch a will too*) Stay where you are!  
 Ná corraigh – (*na corry*) Don't move!  
 Imigh suas chun tosaigh – (**imee soos un tossy**) Move up forward!  
 Imigh thusa suas chun tosaigh – (**imee hisseh soos un tossy**) You move up forward!  
 Fanaigí socair, a fheara/a chailíní – (**fanigee socker areh/a caaleenee**) Settle down, men/girls!  
 Coinnigh íseal é/í – (**kingey eeshil ee**) Keep it low!  
 (Ná) Cuir isteach go hard é/í – (*(na) kur shtak goh hard ee*) (Don't) Send it in high!  
 Glac an cúilín – (*glack eh cooleen*) Go for the point!  
 Tabhair aire do/Coimhhead mo dhuine/mo bhean – (**kivid muh ginayah/muh vanh**)  
 Mind/watch that man/woman  
 Coimhhead súil ar/do dhuine/do bhean – (**kivid duh ginayah/duh van**) Watch (mark) your man/woman (mark up!)  
 Fear ar gach fear/ar achan fhear – (**farh air gah farh/air ahin yarh**) every man a man!  
 Cuir uait é/í – (*kur oowitch ee*) Let it go! (the ball)  
 Ardaigh/Tóg an liathróid! – (*toe-geh lairodge*) Lift the ball!  
 Coimhhead an liathróid ard – (**kivid eh lairodge ard**) Mind the high ball!  
 Cé leis an fear/an bhean úd/údaí? – (*kay lesh eh far/eh van iddy*) Whose is that man/woman?  
 Cé atá ar an bhfear/mbean/fhear/bhean sin? – (**kay teh air eh nyarh/van shinh**) Who's on that man/woman?  
 Gabhadh duine éigin ar an bhfear/mbean/fhear/bhean sin – (**go-oo dinyegin air in yarh/van shinh**) Somebody go on (mark) that man!  
 Gabh ar an bhfear/mbean/ fhear/bhean sin – (**go air an yar/van shin**) Mark that man/woman!  
 Fan leis/léi/ Lean de/di – (*lan deh/dee*) Stick to him/her!  
 Caithfidh sibh fanacht leo/leanúint/leanstan díobh – (**kahee shiv lanoo-winch/lanstin deefa**) You have to keep on them!  
 Caithfidh sibh fanacht ar bhur bhfir/mná – (**kahee shiv fanockt air wurh virh/mraa**) You have to stay on your men/women!  
 Caithfidh sibh iad a leanúint – (**kahee shiv ayid eh lanoo-winch**) You'll have to follow them up!  
 Chuaigh sí/sé ar fóraoil – (**hooah shee ar forree!**) It went wide!



Scaoil amach an bobailín – (**skeel amah eh bobaleen**) Let it Rip!  
 Maith an cúilín – (**my a cooleen**) Good point  
 Scaoil uait é/í! – (**skeel oowitch ee**) Release it!

### I ndiaidh an Chluiche – After the Game

D'imir tú/sibh an-chluiche/cluiche/den scoth/ar dóigh – (**jimir shiv klihair daw-ee**) You played a great game!  
 Rinne tú/sibh gnó/gnóithe breá – (**ring too/shiv grow/greeheh braah**) great work  
 Bhí an t-ádh linn/liom – (**veen ta ling/lum**) We were lucky!  
 Bhí mí-ádh orainn/Bhí muid mí-ádhúil – (**vee mwidge mee-ahwill**) We were unfortunate!  
 Rinne sibh bhur ndícheall – (**ring shiv wur neehill**) You did your best!  
 Rinne sibh obair iontach amuigh ansin – (**ring shiv ubwirh eentah amwee hanshin**) You did brilliant work out there!  
 Bhí sibh millteanach falsa – (**vee shiv millchinah falseh**) You were awfully lazy!

### Téarmaí Spóirt – Sporting Terms

Saorchic – (**seerkick**) – A free kick  
 Feall – (**fáal**) A foul  
 Ruathar aonair – (**roohur**) A solo run  
 Cúl – (**cool**) A goal  
 Cúilín – (**cooleen**) A point  
 Seachaí – (**shah**ee) A wide  
 Ar fóraoil – (**air forreel**) (It went) wide  
 Liathróid – (**layradge**) A ball  
 Sliotar – (**shliter**) A hurling ball  
 Peil Ghaelach – (**pell gaylah**) Gaelic football  
 Iománaíocht – (**ummanee-ockt**) Hurling  
 Peil na mban – (**pell na manh**) Ladies' football  
 Camógaíocht – (**ka mowgeeockt**) Camogie  
 Cic éirice – (**kick errika**) A penalty



## An Ghaeilge ag an gCruinniú/Chruinniú – Irish at the Meeting

GAA Officials attend many meetings each year. In all meetings, there are sentences and phrases which are commonly used and which could be said in Irish. Most county officials, through experience, are conversant with the specific language used in meetings and can follow the theme of an agenda item which is conducted through Irish.

Below are the most commonly used Irish expressions used at GAA meetings.

### An Coiste – The Committee

An Coiste Bainistíochta – (i **koshcheh banishcheeokta**) The Management Committee

An Ard-Chomhairle – (in **aard koreleh**) The Central Council

An Chomhairle Chúige – (i **koreleh coowigeh**) The Provincial Council

An Coiste – (i **koscheh**) The Committee

An Coiste Contae – (i **koshcheh cunday**) The County Committee

Coiste Riaracháin na gCluichí – (**koshcheh reerakan na glihee**) Games' Administration Committee

An Coiste Airgeadais/Coiste an Airgid – (**koshcheh in airehgidge**) The Finance Committee

Fochoiste – (föh **koshcheh**) Sub-Committee

### Baill an Choiste/Na Coisteoirí – The Committee Members

Na hOifigigh – (neh **hoffigee**) The Officers

An tUachtarán – (eh **toaktran**) The President

An Cathaoirleach, (eh **kahirlah**) The Chairperson

An Rúnaí – (eh **rooney**) The Secretary

An Cisteoir – (eh **kishturh**) The Treasurer

An Cláráitheoir – (eh **clareehorr**) The Registrar

An Leas-Uachtarán – (eh **lass oOaktran**) The Vice President

Iontaobháí – (in **teewee**) A Trustee

A Uachtarán, (a **oOaktarin**) Mr. President

A Chathaoirligh, (a **kaiherlee**)– Mr. Chairman

Ionadaí Contae – (**innadee cunday**) County Representative



### Clár an Chruinnithe – The Agenda

Miontuairiscí – (*minn toorishkee*) Minutes

Ag éirí as na miontuairiscí – (*egg eerie iss na minn toorishkee*) Matters arising

Comhfhreagras – (*koragriss*) Correspondence

Aon ghnó eile – (*aingrow ella*) Any other business.

Achomharc – (*ahhow-irk*) An appeal

Breith – (*breh*) A decision/ajudication

Agóid – (*agadge*) An objection

### Ag Plé le Tuairisc an Réiteora – Dealing with The Referee's Report

Liosta Imreoirí – (*lista imrorry*) A list of players

Ionadaí – (*inadee*) A substitute

Ionadaithe – (*inadeeha*) Substitutes

Gortaithe – (*gorteeheh*) Injured

Ar gortaíodh imreoir ar bith? – (*air gorteeoo imrorr air beeh*) Was any player injured?

D'imigh sé/sí den pháirc – (*jimmy shay/she den fwaark*) He/she left the field

Cuireadh den pháirc é/í – (*kirroo den fwaark ay/lee*) He/she was sent off

Imirt gharbh – (*imirch garoo*) Rough play

Ar fionraí – (*air funnry*) Suspended

Téarma fionraí – (*chayrma funry*)– Term of suspension

Dleathach – (*jlak*) Eligible

An bhfuil an t-imreoir sin dleathach? – (*will i chimrorr shin jlaak*) Is that player eligible?

Fíneáil – (*feenal*) A fine

Gearradh fíneáil air – (*gyaarroo feenal air*) He was fined

An raibh na foirne in am? – (*row na fornyeh in am*) Were the teams on time?

### Ag Plé le hlarratas Aistrithe - Dealing with a Transfer Request

Aistriú – (*ashchroo*) A transfer

larratas ar aistriú – (*eeratiss air ashchroo*) A transfer application

Imreoir – (*imrorr*) A player

Imreoirí – (*imrorree*) Players

Tá iarratas ar aistriú againn ó imreoir – (*teh yeeratiss air ashchroo uging oh imrore*) We have an application for transfer from a player

Cá bhfuil sé ina chónaí? – (*ka will shay na hoaney*) Where does he live?

An bhfuair sé aistriú – (*eh woor shay ashchroo*) – Did he get a transfer?

Club baile – (*club balla*) Home Club

Contae dúchais – (*cunday doohash*) Home County

D'uachtaigh sé do chontae Dhoire – (*doowacktee shay doh hunday girreh*) He declared for county Derry





### Ag Déanamh Luaiteachas – Making Fixtures

Luaiteachas – (**loochahas**) A fixture

Luaiteachais – (**loochahish**) Fixtures

Caithfidimid luaiteachais a dhéanamh – (**kaihi mwidge loochahish a yanoo**) We must make fixtures

Ionad – (**inid**) A venue

Ionad neodrach – (**inid nyowdrah**) A neutral venue

Molaim Páirc an Chrócaigh – (**mollim paark eh croakey**) I propose Croke Park

Ní ionad neodrach é/í – (**nee inid nyowdrah ee**) It is not a neutral venue

Níl an dáta oiriúnach/fóirsteanach – (**neel eh daata fawrs-chinah**) The date is not suitable

Cén uair a bheidh an athimirt? – (**kane oor a vay in ahimirch**) When will the replay be?

Táille Ar Dhul Isteach, (**taal-yeh air gull ishtah**) Admission Charge

Ar cheart an táille a ardú? – (**air cyart in taal-yeh ardo**) Should the charge be increased?

Ní mór dúinn réiteoir a cheapadh – (**nee more doing raychorr a cyapoo**) We must appoint a referee

An bhfuil an réiteoir ceaptha? – (**will eh raychorr capah**) Has the referee been appointed?

Cé hé an réiteoir? – (**kay hayn raychorr**) Who is the referee?

### Gnáththeanga an Chruinnithe – General Language of the Meeting

Cruinniú – (**kringyou**) A meeting

An chéad chruinniú eile – (**in kayd kringyou elleh**) The next meeting

Cén uair a bheidh cruinniú againn? – (**kane oor a vay kringyou aging**) When will we have a meeting

Leithscéal – (**leshkale**) An apology

Ionadaí – (**inadee**) A proxy

Molaim – (**mollim**) I propose

Cuidím – (**kidgeem**) I second

Cuidím leis an rún sin – (**kidgeem lesh a roon shin**) I second that motion

Aontaím leis sin – (**ainteem lesh shin**) I agree with that

An bhfuil sibh sásta? – (**will shiv saasta**) Are you satisfied?

An bhfuil duine ar bith ag cur ina éadan? – (**will dinnyer bee egg kur in aydin**) Is there any objection?

Níl mé sásta – (**neelmay saasta**) I'm not happy

Tá mé ag cur ina éadan – (**teh may egg kur in aydin**) I object



Clarú – (**claaroo**) Registration

Molaim glacadh leis na miontuairiscí – (**mollim glackoo lesh neh minn toorishkee**) I propose the adoption of the minutes

An bhfuil ceist ar bith? – (**will kesht air beeh**) Are there any questions?

Ag éirí as na miontuairiscí, ba mhaith liom ceist a chur – (**egg eery iss na minn toorishkee ba y leom kesht a kur**) Arising from the minutes I would like to ask a question.

### **Ag Cur/Clabhsúir/Deiridh leis an gCruinniú - Ending the Meeting**

Ní mór dúinn dáta a shocrú don chéad chruinniú eile – (**nee more doing daata a hockroo don kayde kringyou elleh**) We must decide a date for the next meeting

An bhfuil gnó ar bith eile ann? – (**will grow air beeh elleh unn**) Is there any other business?

An oireann/bhfóireann an dáta sin do gach duine? – (**eh woarunn eh daata shin do gak dinyeh**) Does that date suit everyone?

An tseachtain seo chugainn – (**in chacktin shoogeen**) next week

An mhí seo chugainn – (**in vee shoogeen**) next month

Caithfidh mé mo dhialann a sheiceáil – (**kahee may mo yealann a heckal**) I must check my diary

Slán abhaile – (**slaan awala**) safe home



## An Ghaeilge sa Chlub – Irish around the Club

In every GAA club, it is important that the signs are at least bilingual. This demonstrates our commitment to the language and presents the GAA club as a place apart, a place where our culture is celebrated and where our language is alive and in use.

Below are the common signs in Irish which could be used in a GAA club.

### Comharthaí – Signs

Fáilte Isteach – Welcome  
Fáiltiú – Reception  
An Chistin – The Kitchen  
Leithreas – Toilet  
Leithris – Toilets  
Fir – Gents  
Mná – Ladies  
Seomra Feistis – Dressing Room  
Cithfholcadáin – Showers  
Cuariteoirí – Visitors  
Trealamh – Equipment  
Uait – Push (on a door)  
Chugat – Pull (on a door)  
Cosc ar Thobac Anseo – No Smoking Area  
Príobháideach – Private  
Seomra Cruinnithe – Meeting Room  
Bealach Isteach – Entrance  
Bealach Amach – Exit  
Bealach Éalaithe – Emergency Exit  
Clós – Yard  
Páirceáil – Parking  
Slán Abhaile – Safe Home (Goodbye)

A set of signs containing most of the above is available free of charge from Foras na Gaeilge. Foras na Gaeilge, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2. T: 1850 325 325 / 0845 3098142 (NI), E: [eolas@forasnagaeilge.ie](mailto:eolas@forasnagaeilge.ie)



## An Ghaeilge i bhFógraí an Chluiche – Irish in the Match Announcements

All county matches nowadays have an announcer who will name the teams and give information about changes to teams and substitutions, etc. This is an excellent opportunity to use Irish at the gaelic match. Below are some examples of phrases you will hear at a match.

### Fógraí – Announcements

Fógra, a Chairde – (**fawgra a harja**) An Announcement, fellow Gaels

Céad fáilte anseo go dtí Páirc \_\_\_\_ don chluiche inniu idir \_\_\_\_ agus \_\_\_\_  
– (*kayd fwaalcheh inshoh gog jee pwaark \_\_\_\_ don kleeheh inyouh idir \_\_\_\_ agus \_\_\_\_*) You are all very welcome to \_\_\_\_ Park for the game today between \_\_\_\_ and \_\_\_\_

Seo a leanas na foirme – (**shoh eh laniss na fawrrnyeh**) Here are the teams

### Foclóir – Vocabulary

Cúl Báire – (*cool bwaareh*) Goal Keeper  
Lánchúlaí Clé – (*laankooley clay*) Left Corner-Back  
Lánchúlaí Láir – (*laankooley laar*) Full-Back  
Lánchúlaí Deas – (*laankooley jass*) Right Corner-Back  
Leathchúlaí Clé – (*lahkooley clay*) Left Half-Back  
Leathchúlaí Láir – (*lahkooley laar*) Centre Half-Back  
Leathchúlaí Deas – (*lahkooley jass*) Right Half-Back  
Imreoir lár na Páirce – (*imrorr lar neh pwaarkeh*) Midfielder  
Leath-thosaí Clé – (*lah hossy clay*) Left Half-Forward  
Leath-thosaí Láir – (*lah hossy laar*) Centre Half-Forward  
Leath-thosaí Deas – (*lah hossy jass*) Right Half-Forward  
Lántosaí Clé – (*lan tossy clay*) Left Corner-Forward  
Lántosaí Láir – (*lan tossy laar*) Full-Forward  
Lántosaí Deas – (*lan tossy jass*) Right Corner-Forward

Sometimes, it is just as appropriate to call out the numbers – *Uimhir a hAon, Uimhir a Dó*, etc.



Captaen na Foirne – (*captane na fawrnyeh*) Team Captain

Tá athrú amháin ar fhoireann \_\_\_\_\_ – (*teh aahroo awaan ar urunn*) There is one change on the \_\_\_\_\_ team.

Tá \_\_\_\_\_ ag imirt de réir an chláir – (*teh \_\_\_\_\_ egg imirch de rare in claar*) \_\_\_\_\_ is/are playing according to the programme.

Seasaigí anois d'Amhrán na bhFiann – (*shasigee anish dawran na vee-ann*) Stand now for the National Anthem.

### Le Linn an Chluiche – During the Match

Beidh dhá/trí/ceithre/cúig/sé nóiméad bhreise ag deireadh na leithe – (*bay ga chree kerreh coowig shay no maid breshah egg jeroo neh leha*) There will be 2/3/4/5/6 extra minutes at the end of the half.

Athrú ar fhoireann \_\_\_\_\_ – (*aahroo ar urinn \_\_\_\_\_*) A change on the \_\_\_\_\_ team.

Tá \_\_\_\_\_ ag imeacht/ar shiúl den pháirc agus tá \_\_\_\_\_ ag imirt ina áit/ina háit – (*teh \_\_\_\_\_ ar hule den fwaark agus teh \_\_\_\_\_ egg imirch na aatch/haatch*) \_\_\_\_\_ has left the field and \_\_\_\_\_ is playing in his/her place.



## An Ghaeilge san Fhógra Báis – Irish in a Death Notice

(in the Press)

Sometimes it is necessary to place a Death Notice in your local paper to acknowledge the bereavement of a club member. Below is a template for use in this situation.

### Fógra – Notice

Ó Choiste agus ó bhaill Chumann Lúthchleas Gael \_\_\_\_\_  
From the Committee and members of GAA \_\_\_\_\_ (insert name of club)

Is oth linn bás \_\_\_\_\_ (*name of deceased*), (Athair/Máthair/Deartháir/Deirfiúr/Uncail/Aintín  
/Seanathair/Seanmháthair) ár (gcomhimreora/gcomhbha(i)ll/gcomhchoisteora) \_\_\_\_\_(  
*name of relative*), agus déanaimid comhbhrón lena theaghlach/lena teaghlach. Ar dheis  
lámh Dé go raibh a anam/hanam uasal

We are sorry to hear of the death of \_\_\_\_\_ (*name of deceased*),  
(Father/Mother/Brother/Sister/Uncle/Aunt/Grandfather/Grandmother) of our fellow  
(player/member/committee member) \_\_\_\_\_ (*name of relative*), and we extend our  
sympathy to his/to her family. May his/her gentle soul be at God's Right Hand.

### Example of a Death Notice for the father of a player

Ó Choiste agus ó bhaill Chumann Lúthchleas Gael \_\_\_\_\_. Is oth linn bás Sheán Uí  
Mhurchú, athair ár gcomhimreora Liam, agus déanaimid comhbhrón lena theaghlach.  
Ar dheis lámh Dé go raibh a anam uasal.



## An Ghaeilge sa Litir – Irish in the Letter

When writing a letter from your club, it is appropriate to use as much Irish as possible. Clubs and counties who have Irish in their headed notepaper and whose officials use the language in correspondence display a commitment that reflects well on their attitude towards the cultural side of our association.

Below are some examples where Irish could be used in written correspondence or in an e mail.

### An Tús – Starting Off

A \_\_\_\_, a chara – Dear \_\_\_\_

If your letter is to someone who is not a known friend; e.g. a council official, government employee, etc, you start your letter with:

A Dhuine Uasail/Bhean Uasal – Dear Sir/Madam

### Na Chéad Línte – First Lines

If you are writing to a fellow gael, it is nice to start by stating how you are doing and asking how the other person is.

Conas taoi/Conas tá tú/Cad é mar atá ag éirí leat – How are you getting on?

Tá ag éirí go hiontach liom – I am getting on great

Tá mé ar muin na muice – I am on the pig's back

Tá gach rud in ord agus in eagar anseo – Everything is fine here

You may want to include a subject line or reference in your letter:

**Maidir le:** Scéal a chur chuig réiteoirí – **Re:** Notification to Referees

If your letter is to make representation, below are some lines you might use:

Tá mé ag scríobh chugat... – I am writing to you...

le gearán a dhéanamh – to make a complaint

le comhairle a fháil – to receive advice

le hiarraidh ort – to appeal to you

le heolas a fháil – to receive information



### **Ag Cur Críche – Finishing Off**

How you finish your letter depends on who you are sending it to.  
Below are some examples of nice endings to a letter:

Scríobh ar ais gan mhoill – Write back without delay

Ag súil le scéala uait/Ag dúil le scéala uait – Looking forward to a reply from you

Do chara buan – Your great friend

Le meas – With Respect

Is mise le meas – Yours Sincerely

Samplaí eile:

Le gach dea-mhéin,

Legach dea-ghuí,

Beir bua,

Beir bua is beannacht,

Treise leat.

### **Fógra Cruinnithe – Giving Notice of a Meeting**

Tabhair faoi deara go dtionólfar cruinniú den choiste ar an dáta seo thíos:

Please be advised that a committee meeting will take place on the date below:

Seo a leanas clár an chruinnithe:

The following is the agenda:

1 – Miontuairiscí – Minutes

2 – Rudaí ag éirí as (na miontuairiscí) – Matters Arising

3 – Comhfhreagras – Correspondence

3 – Gnó ar bith eile – Any other business

Tá súil agam go mbeidh tú ábalta bheith i láthair – I hope you will be able to attend.

Related Vocabulary – See *An Ghaeilge ag an Chruinniú – Irish at the Meeting*.